Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 31 Bealtaine 2024**
**(OR. en)**

**10404/24**

**CLIMA 216**
**ENV 562**
**SAN 306**
**AGRI 444**
**FORETS 153**
**ENER 258**
**TRANS 252**
**ECOFIN 610**
**PROCIV 45**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le rioscaí aeráide a bhainistiú<br>– Malartú tuairimí |

1. Chun an seisiún tuairimíochta maidir leis an ábhar thuasluaite ag cruinniú na Comhairle Comhshaoil an 17 Meitheamh 2024 a threorú, d'ullmhaigh an Uachtaránacht an nóta agus na ceisteanna atá i gceangal leis seo do na hairí.

2. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an nóta agus na ceisteanna ón Uachtaránacht a thabhairt dá aire, agus iad a chur ar aghaidh chuig an gComhairle le haghaidh an tseisiúin tuairimíochta.

**IARSCRÍBHINN**

**Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le rioscaí aeráide a bhainistiú**

**- Malartú tuairimí -**

**Réamhrá**

Is meabhrúchán lom í **tuarascáil an Aontais maidir le Measúnú ar Rioscaí Aeráide (EUCRA)**[1] a d'fhoilsigh an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil an 11 Márta 2024 ar luas luathaithe an athraithe aeráide agus ar dhéine a thionchar. Ba í an bhliain 2023 an bhliain ba theo riamh ar fud an domhain agus tá téamh na hEorpa ag tarlú dhá uair chomh tapa leis an meán domhanda. Léirítear freisin gur iolraitheoir rioscaí é an t-athrú aeráide agus go bhféadfadh dúshláin shistéamacha a dhéanann difear do shochaithe ina n-iomláine a bheith mar thoradh ar rioscaí cascáideacha aeráide, agus go bhfuil tionchar ar leith á imirt ar ghrúpaí sóisialta leochaileacha. Cuireann sé in iúl go soiléir go bhfuil tionscnóirí riosca aeráide ag luasghéarú, go bhfuil roinnt rioscaí aeráide ag leibhéal criticiúil cheana féin, agus go bhféadfadh beagnach gach ceann acu a bheith criticiúil nó tubaisteach laistigh den chéad seo. De réir EUCRA, ní mór don Aontas agus do na Ballstáit oibriú le chéile chun rioscaí aeráide san Eoraip a laghdú go héifeachtach. Tá an chuid is mó de na rioscaí móra aeráide a sainaithníodh don Eoraip 'faoi chomhúinéireacht'. Ciallaíonn sé sin go dtagann beartais atá ríthábhachtach chun rioscaí aeráide a mhaolú faoi inniúlachtaí comhroinnte an Aontais nó faoin iliomad réimsí inniúlachta faoi choimirce an Aontais agus na mBallstát araon. In a lán cásanna, is é atá i gceist leis sin go gcuireann an tAontas beartas ar fáil ach go gcoinníonn na Ballstáit an fhreagracht as na cineálacha cur chuige cur chun feidhme a cheapadh. Leis an méadú tapa ar rioscaí aeráide ar fud na hEorpa, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le bealaí nua chun comhoibriú ar fud na leibhéal rialachais chun dul chun cinn inláimhsithe intomhaiste a bhaint amach maidir leis na rioscaí aeráide is práinní a laghdú. Is féidir cur chuige den sórt sin a bheith bunaithe ar thaithí le Misean an Aontais Eorpaigh um an Oiriúnú don Athrú Aeráide agus le hionstraimí agus beartais ábhartha eile de chuid an Aontais.

1 https://www.eea.europa.eu/publications/european-climate-risk-assessment

Freagraíonn an Teachtaireacht ón gCoimisiún 'Rioscaí aeráide a bhainistiú – daoine agus rathúnas a chosaint'[2], a foilsíodh an 12 Márta 2024, do thuarascáil EUCRA. Dírítear sa Teachtaireacht ar phríomhghníomhaíochtaí is gá don Aontas agus dá Bhallstáit a dhéanamh chun bainistiú níos fearr a dhéanamh ar na rioscaí aeráide atá ag dul i méid i bpríomhréimsí tionchair na n-éiceachóras nádúrtha, an uisce, na sláinte, an bhia, an bhonneagair agus an gheilleagair. Leagtar amach sa Teachtaireacht freisin na costais a bhaineann le rioscaí aeráide agus cuirtear i dtábhacht inti an gá atá le hinfheistíochtaí tapa. Tugtar le fios sa Teachtaireacht, de réir meastachán coimeádach, go bhféadfadh na tionchair aeráide atá ag dul in olcas OTI an Aontais a laghdú thart ar 7 % faoi dheireadh an chéid. Má théann an téamh domhanda thar an tairseach 1.5 °C ó Chomhaontú Pháras ar bhonn níos buaine, d'fhéadfadh EUR 2.4 trilliún a bheith i gceist leis an laghdú carnach breise ar OTI don Aontas ina iomláine sa tréimhse ó 2031 go 2050. D'fhéadfadh damáistí bliantúla san Eoraip de dheasca tuilte cósta a bheith os cionn EUR 1,6 trilliún faoi 2100, agus d'fhéadfadh 3,9 milliún duine a bheith neamhchosanta ar thuilte cósta gach bliain.

Tá dul chun cinn suntasach déanta cheana féin maidir le hathléimneacht riosca aeráide a neartú i g**creat beartais an Aontais** ó glacadh an Dlí Aeráide Eorpach agus Straitéis 2021 an Aontais Eorpaigh um an Oiriúnú. Mar sin féin, in ainneoin an dul chun cinn atá déanta, níl ullmhacht bheartais an Aontais ag coinneáil suas leis an luas ag a bhfuil rioscaí aeráide ag dul i méid, ní mór do na Ballstáit níos mó a dhéanamh maidir le gnéithe rialachais, ardú feasachta, cothroime agus athléimneacht chóir, maoiniú, agus réitigh dhúlrabhunaithe.

Luaitear **ceithre chatagóir leathana réiteach** sa Teachtaireacht chun feabhas a chur ar an gcaoi a ndéileáiltear le rioscaí aeráide ar leibhéal an Aontais agus sna Ballstáit araon:

– **Rialachas feabhsaithe** trí úinéireacht riosca a shainaithint agus trí chomhordú níos dlúithe a spreagadh idir an leibhéal náisiúnta, an leibhéal réigiúnach agus an leibhéal áitiúil.

– **Uirlisí d'úinéirí riosca agus rochtain ar shonraí daingne** chun tuiscint a mhéadú ar na naisc idir rioscaí aeráide, infheistíochtaí agus straitéisí maoinithe fadtéarmacha.

[2] 7732/2024

– **Leas a bhaint as beartais struchtúracha na mBallstát atá ann cheana agus as sásraí dlúthpháirtíochta an Aontais** chun rioscaí aeráide a bhainistiú.

– **Na réamhchoinníollacha cearta le haghaidh athléimneacht airgeadais** trí chaiteachas poiblí agus dreasachtaí le haghaidh infheistíocht phríobháideach a dhearadh ar bhealach lena slógfar cistí leordhóthanacha agus lena ndéanfar an suaitheadh a bhaineann leis an aeráid a chosc agus lena ndéanfar dochar eacnamaíoch don rogha is fearr, chomh maith le rioscaí aeráide a chomhtháthú ar bhealach níos fearr i bpróisis bhuiséadacha náisiúnta[3].

Leagtar amach sa Teachtaireacht freisin **gníomhaíochtaí sonracha chun rioscaí a bhainistiú i sé bhraisle a bhfuil tionchar orthu: éiceachórais nádúrtha, uisce, sláinte, bia, bonneagar agus an timpeallacht thógtha, agus an geilleagar.** Maidir leis an gcuid deiridh sin, cuirtear i dtábhacht ann go gcuirfidh tubaistí a bhaineann leis an athrú aeráide brú breise ar an ngeilleagar trí chaillteanas táirgiúlachta agus beatha, damáiste díreach, acmhainneacht fáis laghdaithe agus brú ar bhuiséid rialtas, agus gur cheart go gcuideodh an Treoir nuaghlactha maidir le ceanglais le haghaidh creataí buiséadacha náisiúnta[4] le feabhas a chur ar bhuiséadú riosca aeráide agus é a phríomhshruthú i bpróisis bhuiséadacha náisiúnta. Ag an am céanna, tá gá le hinfheistíocht leordhóthanach, idir phoiblí agus phríobháideach, chun aghaidh a thabhairt go rathúil ar rioscaí aeráide agus chun athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a chothú. Nuair a dhéantar na hinfheistíochtaí a atreorú le haghaidh atógála tar éis damáistí, laghdaítear an méid atá ar fáil le haghaidh infheistíocht tháirgiúil.

---

[3] I ndáil leis an méid sin, seoladh an Grúpa Machnaimh maidir le conas maoiniú don athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a shlógadh, mar a fógraíodh sa Teachtaireacht, an 14 Bealtaine 2024.

[4] Le Treoir (AE) 2024/1265 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Treoir 2011/85/AE maidir le ceanglais ar chreataí buiséadacha na mBallstát, iarrtar ar na Ballstáit na rioscaí macraifhioscacha a eascraíonn as an athrú aeráide agus a thionchair chomhshaoil agus dáileacháin a áireamh, a mhéid is féidir, ina bpleanáil bhuiséadach. Iarrtar ar na Ballstáit freisin faisnéis maidir le costais fhioscacha arna dtabhú mar gheall ar thurraingí a bhaineann leis an aeráid a chur san áireamh, a mhéid is féidir, agus faisnéis á foilsiú acu maidir le dliteanais theagmhasacha a bhféadfadh tionchar mór a bheith acu ar bhuiséid phoiblí. Aithnítear, áfach, go bhfuil feabhas ag teacht ar an tuairisciú ar rioscaí macraifhioscacha ón athrú aeráide, ó dhliteanais theagmhasacha a bhaineann leis an aeráid agus ó chostais fhioscacha tubaistí ach go bhfuil sé fós ag céim thosaigh, agus go bhfuil modheolaíochtaí agus táscairí don tuairisciú sin fós á bhforbairt.

**Staid na himeartha**

Cuireadh an Teachtaireacht ón gCoimisiún faoi bhráid na n-airí den chéad uair ag an g**Comhairle (Comhshaol)** an 25 Márta 2024. I bhfianaise chineál trasearnála na Teachtaireachta agus na tuarascála EUCRA, tá baint ghníomhach ag Uachtaránacht na Beilge le foirmíochtaí ábhartha eile de chuid na Comhairle sa phlé ar an leibhéal teicniúil, lena n-áirítear **fuinneamh, cosaint shibhialta, turasóireacht, airgeadas agus buiséad, sláinte, tionsclaíocht agus talmhaíocht.** Léiríodh sa phlé go n-aithnítear **a phráinní atá rioscaí aeráide** agus na **costais** mhéadaitheacha **a bhaineann le neamhghníomhaíocht**. Go ginearálta, tá na toscaireachtaí den tuairim go bhfuil gá le **freagairt chórasach beartais i ngach réimse beartais** ábhartha, lena n-áirítear ar leibhéal an Aontais. Le linn an phlé, leagadh béim ar na gnéithe seo a leanas: an gá atá le comhordú agus comhar feabhsaithe idir na Ballstáit agus ar fud na n-earnálacha, lena n-áirítear maidir le faireachán agus rochtain ar shonraí; an tábhacht a bhaineann le múscailt feasachta agus cumarsáid, lena n-áirítear chun mífhaisnéis a chomhrac; an gá atá le hobair a dhéanamh ar mhaoiniú leordhóthanach; agus ról ríthábhachtach an uisce. **D'aithin foirmíochtaí** éagsúla **na Comhairle** freisin gur gá **rioscaí aeráide**, lena n-áirítear athléimneacht agus ullmhacht i leith riosca, a chur san áireamh ina n-earnálacha faoi seach agus **beartais agus bearta á bhforbairt**, mar thoradh ar phléití i réimsí éagsúla beartais, lena n-áirítear an spás, taighde, iomaíochas agus tionsclaíocht, agus fuinneamh[5].

---

5 Féach mar shampla: Conclúidí ón gComhairle maidir le 'Iomaíochas na hEorpa a neartú tríd an spás' an 23 Bealtaine 2024 (10142/24); Conclúidí ón gComhairle maidir le luachshocrú eolais a neartú mar uirlis le haghaidh tionscal athléimneach iomaíoch agus uathriail straitéiseach i ngeilleagar oscailte san Eoraip an 23 Bealtaine 2024; Conclúidí ón gComhairle maidir le 'Tionscal Eorpach iomaíoch a spreagann ár dtodhchaí ghlas, dhigiteach agus athléimneach' an 24 Bealtaine 2024 (10127/24); Conclúidí ón gComhairle maidir le 'Margadh Aonair chun tairbhe do chách' an 24 Bealtaine 2024 (10298/24); Conclúidí ón gComhairle maidir le 'Bonneagar Eangach Leictreachais Inbhuanaithe a Chur Chun Cinn' an 30 Bealtaine 2024 (10459/24). Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin gur leagadh béim i nDearbhú La Hulpe maidir le Todhchaí na hEorpa Sóisialta, a rinneadh le linn na Comhdhála Ardleibhéil maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a d'eagraigh Uachtaránacht na Beilge an 15-16 Aibreán 2024, ar a thábhachtaí atá sé cosc ar ghuaiseacha sonracha a eascraíonn as an athrú aeráide a spreagadh.

**Ceisteanna ar na hAirí**

– *An aontaíonn tú go bhféadfadh bealaí nua a bheith ag teastáil chun comhoibriú ar fud na leibhéal rialachais, lena n-áirítear ar leibhéal an Aontais, de bharr rioscaí aeráide a bheith ag méadú go tapa ar fud na hEorpa?*

– *Cad iad na bearta a cuireadh i bhfeidhm ar do leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil chun feabhas a chur ar phleanáil buiséid? Cad iad na huirlisí modheolaíochta agus faisnéise atá fós ag teastáil chun athchóirithe agus infheistíochtaí feabhsaithe athléimneachta a chothú?*